

Eagarfhocal

Séamas Ó Neachtain

Rothlaíonn an saol mar rotha, dar ndóigh, ach braitheann gluaiseacht chúrsaí an tsaoil orainne, na rotháí beaga. Is féidir linn cúiseanna a chur chun cinn inár n-aonar, agus freisin mar bhaill de chumainn agus mar sin. Bímid cosúil le grán iompair an tsaoil. Ní bhíonn gach aon rud indéanta, ach bíonn a thábhacht féin ag gach roth - mar a thuigeann aon duine a thiomáineann carr nó rothar, nó fiú a dhéanann scátáil rotháí.

Dúirt saoi darb ainm Roger Miller, tráth, nach féidir duit scátáil rotháí a dhéanamh i dtréad na mbuabhall, ach b'fhéidir duit a bheith sásta má thugann tú faoi. Bhuel, ní dhearna mé scátáil rotháí ina measc, cinnte, ach bhí deis agam breathnú ar na bósúin iniarthar na Stáit Aontaithe, agus bhí mé breá sásta ansin. Agus bhí deis agam bualach le Meiriceánaigh dhúchasacha ansin, freisin. D'fhoghlaim mé níos mó fúthu. Is iomaí cosúlacht atá ann idir na bósúin, atá ag teacht ar ais agus atá caomhnaithe, agus treibheanna na nIndiach, atá ag slánú a bhféinmheasa is ag neartú is ag caomhnú a dteangacha agus dtraidisiún. Agus táimidne cosúil leo freisin, mar tá na cuspóirí céanna againn. Ba chóir dúinn seasamh lena chéile.

Tá mórán eolais faoi theangacha na nIndiach ar fáil ar an idirlíon. Féach www.native-languages.org, mar shampla. Agus tá scoileanna acu, mar a fheictear ar www.pieganinstitute.org agus salishworld.com. Tá breis is 500 treibh ann agus a lán teangacha. Tá na fadhbanna céanna acu agus atá againne, mar is iomaí duine nach dtuigeann tábhacht a theanga, agus is iomaí teanga dá gcuid atá imithe nó i mbaol. Fós féin, tá mórán daoine díograiseacha ann, agus scoileanna nua tumoideachais, agus tá cúrsaí ag dul i bhfeabhas. Tá dóchas ann mar gheall ar na rotháí beaga.

Ní neart go cur le chéile, agus is minic go leor a thagann na hIndiaigh le chéile ag pow-wow. Tagann na Gaeil le chéile ag comhdháil, srl.



Agus tagann na Ceiltigh le chéile, freisin, mar a tharla in Albain tamall beag ó shin - agus tá tuairisc suimiúil scríofa ag Hilary Mhic Suibhne maidir leis an ócáid seo! Cosúil le treibheanna éagsúla na nIndiach, táimid ábalta cabhrú lena chéile agus misneach a thabhairt dá chéile.

Is fiúntach comparáid a dhéanamh, agus tuiscint ar chúrsaí a fháil ónár gcairde. Bíonn tionchar ag rotha amháin ar na rotháí eile, pé acu i dturas rotháiochta (mar atá a fhios ag Gearóid Ó Laoi), nó ar stáit nó thíortha i gcéin. Féachann Vincent Hughes ar an saol eile, agus mar a bhaineann sé linn. Féachann Tim Quinlan ar an Iodáil, agus sírionn sé ar thionchar ghlúine ar ghlúin eile. Feicimse ar Montana. Díríonn Gearóid Ó Cheallaigh ar an tionchar a bhí ag an

gCríostaíocht agus traidisiúin na nGael ar a chéile, agus tugann Lugh De Paor faoi deara tionchar dhéantóirí uirlisi. Agus, dála an scéil, tugann an t-irisleabhar *Comhar* faoi deara sinne, mar roth eile ar thraein ghluaiseacht na Gaeilge, b'fhéidir, Meán Fómhair 2010. Cuir sin uile le chéile, agus sin neart, dar liom!

Cosúil le giaranna, teagmhaímid lena chéile trína chéile. Mar sin, is rothaí le fréamhacha sinn. Téann na giaranna siar san am, agus ar aghaidh. Féachann Lugh De Paor agus Gearóid Ó Ceallaigh siar chun teagmháil a choimeád le neart agus fuinneamh na n-aoiseanna a chuaigh thart, mar tá an ghluaiseacht sin beo fós.

Roinneann Muiris Ó Bric a chuimhní cinn suntasacha linn ina chuid scéalta, agus tá ceann eile san eagrán seo. Sa rannóg *Ón Anallód*, feictear go raibh tionchar orainne i Meiriceá ag Eirí Amach na Cásca in Éirinn, agus bhíodh teagmháil againn lena chéile i gcónaí. Gach uair a scriobhann duine óg (tá Vincent Hughes 17 bliana d'aois), is léir go bhfuil todhchaí ann, pé rud a dhéanann an roth seo agus an roth sin. Gach uair a léann tusa an t-irisleabhar seo, tá súil agam go rothlaíonn na rothaí beaga i d'intinn, freisin. Cá bhfios cad a tharlóidh mar gheall air sin?!

